S43T. 2019

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí 2019

# Staidéar Gnó

## Comhleibhéal

De Máirt 11 Meitheamh, Maidin 9:30 – 11:30

270 marc

| Scrúduimhir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Stampa an ionaid

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 90 marc | 15 Cheist |
| Roinn B | 180 marc | 3 Cheist |

Freagair gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is féidir peann luaidhe a úsáid i gcas ngraif agus léaráidí amháin.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh sa fhreagarleabhar seo.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus cuirfear do chuid oibre i láthair scrúdaitheora ar scáileán. Féadfar nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a bheidh scríofa agat lasmuigh de na spásanna atá curtha ar fáil do na freagraí.

Tá spás sa bhreis ag deireadh Roinn B.

Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamháin anseo:


## Roinn A — 90 marc

**Freagair gach ceist.**

**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**Ceist 1**

Taispeántar buiséad míosúil Shiobhán Ní Mhurchú sa ghraf thíos:




**(i)** Ríomh an difear idir ioncam agus caiteachas Shiobhán. Luaigh an barrachas/easnamh é.

€

**(ii)** Cén chomhairle a chuirfeá ar Shiobhán bunaithe ar an bhfreagra thuas?

**Ceist 2**

Freagair fíor nó bréagach do gach ceann de na ráitis seo a leanas faoi dhomhandú trí tic (✓) a chur sa bhosca ceart:

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Bíonn margaí níos mó ar fáil do chomhlachtaí. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Bíonn rogha níos lú ag tomhaltóirí. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Tagann méadú ar thruailliú de bharr méadú ar thrádáil. | ☐ | ☐ |

**Ceist 3**

Mol foinse oiriúnach airgeadais chun na ceannacháin tomhaltóra seo a dhéanamh:

| **Ceannacháin** | **Foinse Airgeadais** |
|---|---|
| Teach | |
| Carr | |
| Earraí grósaera | |

**Ceist 4**

Tá Gearóid 21 bhliain d'aois agus d'éirigh leis sa triail tiomána le déanaí. Tá seancharr ceannaithe aige anois agus is gá dó é a chur faoi árachas.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc a bheidh á gcur san áireamh ag an gcomhlacht árachais agus an costas ar árachas Ghearóid á ríomh.


| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 5**

Bain úsáid as an eolas atá sa sliocht de shonrasc thíos chun na boscaí a líonadh isteach.

| | **€** |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL a áireamh) | 25,000 |
| Lascaine thrádála (12%) | |
| Fo-iomlán | |
| CBL (23%) | |
| Iomlán (CBL san áireamh) | |

**Ceist 6**




Mínigh **dhá** thoisc ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi phraghas díola táirge.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 7**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le cur in iúl cé acu an fiontar airgeadais nó fiontar sóisialta atá i ngach ceann de na heagraíochtaí thíos:

| | Airgeadais | Sóisialta |
|---|---|---|
| Intel Ireland | | |
| Focus Ireland | | |
| Banc na hÉireann | | |

**Ceist 8**

Luaigh **dhá** bhuntáiste d'Éirinn as a bheith ina ball den Aontas Eorpach.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 9**

Taispeántar thíos figiúirí na hÉireann d'iompórtalacha agus d'easpórtálacha earraí.

**Easpórtáladh €123 Billiún** d'earraí as Éirinn
agus **Iompórtáladh €79 Billiún** isteach inti

**(i)**

| Ón eolas thuas ríomh comhardú trádála na hÉireann. | |
|---|---|
| Obair | € ____________________ **billiún** |

**(ii)** Luaigh cúis **amháin** a bhfuil an trádáil idirnáisiúnta tábhachtach d'Éirinn.

**Ceist 10**

**(i)** Líon isteach na tosca táirgeachta atá ar iarraidh thíos:

| | |
|---|---|
| **1.** ____________________________ | **2.** ____________________________ |
| **3.** __________________________ | **4. Fiontraíocht** |

**Tosca Táirgeachta**

**(ii)** Tá an fhiontraíocht riachtanach do gheilleagar na hÉireann.

Sainaithin scil **amháin** a bhíonn ag fiontraí.

**Ceist 11**

Luaigh **dhá** chúis ar chóir do ghnólacht plean gnó a ullmhú.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 12**

Ainmnigh foinse ioncaim a bhaineann le **gach** duine díobh seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Duine ar scor | |
| Duine fostaithe | |
| Duine dífhostaithe | |

**Ceist 13**

**Maoiniú breise €60 milliún ag na Gardaí le 800 Garda nua a earcú**

The Journal, Deireadh Fómhair 2018



Caithfidh an Rialtas €60 milliún sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun Gardaí breise a earcú i 2019. Luaigh sampla **amháin** de chaiteachais sna Ranna Rialtais thíos:

| **Roinn Rialtais**: | **Sampla de chaiteachas**: |
|---|---|
| 1. Sláinte | |
| 2. Oideachais agus Scileanna | |
| 3. Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | |

**Ceist 14**

Comhlánaigh cuntas trádála de Bláca Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2018:

| Cuntas Trádála de Bláca Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2018 | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin | | 850,000 |
| Lúide costas díolachán | | |
| Stoc tosaigh | 75,000 | |
| Ceannacháin | 450,000 | |
| | | |
| Lúide stoc deiridh | 115,000 | |
| Costas díolachán | | |
| Brabús comhlán | | |

**Ceist 15**

Aithníodh gurb iad na míreanna seo thíos na réimsí ba mhó caiteachas ag tomhaltóirí Éireannacha in 2018. Rangaigh gach mír chaiteachais mar riachtanas nó mar theastáil.

| Míreanna Caiteachais | Riachtanas/Teastáil |
|---|---|
|  Bia | |
|  Laethanta Saoire | |
|  Éadaí agus Bróga | |


**Freagair gach ceist.**

**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**




**Ceist 16**

**(a)** Siopa leabhar traidisiúnta a bhfuil gradam buaite aige is ea Caibidil Nua i dTigh na hÉille, Co. Chill Mhantáin. Taispeántar sa léaráid thíos na cuair éilimh agus soláthair do cheann dá chuid leabhar, '*The Great Irish Weather Book*'.




Úsáid an léaráid thuas agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna seo a leanas.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh.

**(i)** Luaigh cén chainníocht de '*The Great Irish Weather Book*' a soláthraíodh ar €20.

**(ii)** Luaigh cén chainníocht de '*The Great Irish Weather Book*' a éilíodh ar €8.

**(iii)** Luaigh an praghas cothromaíochta i leith '*The Great Irish Weather Book*'.

**(iv)** Cén tionchar a bheadh acu seo a leanas ar an éileamh ar leabhair sa siopa Caibidil Nua? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | **Méadú ar éileamh ar Leabhair in Caibidil Nua** | **Laghdú ar éileamh ar Leabhair in Caibidil Nua** |
|---|---|---|
| Laghdú ar an bpraghas ar leabhair | | |
| Méadú ar chánacha (CBL) | | |
| Leathanbhanda á chur ar fáil do gach ceantar i gCill Mhantáin | | |
| Siopa Eason á oscailt sa bhaile mór | | |

**(v)** Is iomaí buntáiste do ghnólacht áitiúil ar nós Caibidil Nua infheistiú i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT).




Léirigh conas a d'fhéadfadh an gnólacht teicneolaíocht a úsáid chun sochair dó féin.


**(vi)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chostas bainteach le hinfheistiú in ICT a d'fhéadfadh a bheith le híoc ag Caibidil Nua.

1.

2.

**(b)** Tá líon na dtomhaltóirí a bhíonn ag siopadóireacht ar líne ag dul i méid ach is cosúil go bhfuil go leor acu nach bhfuil muiníneach go fóill as a gcearta tomhaltóra ar líne. Léirigh suirbhé na torthaí a leanas le déanaí:




**(i)** Mínigh **trí** rud ba chóir do thomhaltóir maith a dhéanamh agus earraí á gceannach ar líne aige/aici.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| 3. |
| |
| |
| |

**(ii)** Tá do chara Deirdre (@deirdre22) tar éis leabhar a ordú ar líne ó ghnólacht san Aontas Eorpach. Tá daichead lá imithe ó d'ordaigh sí an leabhar agus níl sé tagtha go fóill. Scríobh tvuít chuig @deirdre22 agus cuir in iúl di cén ghníomhaireacht lenar chóir di dul i dteagmháil chun cabhair a lorg:

@Deirdre22

**(c)** Tá éagsúlú beartaithe ag Caibidil Nua agus é i gceist acu tosú ar chaife beir leat a dhíol, rud a bhfuil an-tóir air i measc a gcuid custaiméirí agus a mheallfadh isteach daoine eile a bheadh ag dul thar bráid. Tá siad imníoch faoi mholadh nua a foilsíodh i nuachtán agus atá leagtha amach thíos.

'**D'fhéadfadh 'táille latte' molta líon na gcupán indiúscartha a laghdú de 250,000 cupán in aghaidh an lae**.'

Tá sé molta ag an Rialtas táille nua de 15 cent a chur ar na gcupán indiúscartha caife.



The Irish Times, Márta 2018

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe a bhainfeadh leis an 'táille latte' molta.

1.

2.

**(ii)** Féadfaidh tomhaltóirí gníomhú go heiticiúil trí chupán in-athúsáidte a cheannach. Mínigh céim **amháin** eile a d'fhéadfadh tomhaltóir a thabhairt chun a bheith níos eiticiúla ina chinntí ceannaigh.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(iii)**

**Méadú de 66% ar idirbhearta gan tadhall sa chéad leath de 2018**

The Irish Times, Samhain 2018



Tá méadú mór tagtha ar líon na dtomhaltóirí a úsáideann idirbhearta gan tadhall chun íoc as earraí agus seirbhísí. Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin agus ar mhíbhuntáiste amháin **don tomhaltóir** agus é/í ag úsáid íocaíochtaí gan tadhall.

| |
|---|
| Buntáiste: |
| |
| |
| |
| |
| Míbhuntáiste: |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 17**

**(a)** Is miondíoltóir mearbhia é Food2Go Teo. a bhfuil 10 siopa aige i mBaile Átha Cliath. Comhlánaigh Leabhar Airgid Anailísithe Food2Go Teo. do mhí na Bealtaine ó na sonraí thíos, agus comhardaigh an cuntas.

| Dáta | Idirbheart | Méid € |
|---|---|---|
| 01/05/2019 | D'infheistigh scairshealbhóir sa chomhlacht | 21,500 |
| 04/05/2019 | Earraí a díoladh | 12,000 + CBL ag 13.5% |
| 06/05/2019 | Pá a íocadh | 3,000 |
| 15/05/2019 | Earraí a ceannaíodh lena n-athdhíol | 5,600 + CBL ag 13.5% |
| 23/05/2019 | Leictreachas a íocadh | 670 |
| 27/05/2019 | Pá a íocadh | 2,850 |

**(i)**

| Dr | | | Leabhar Airgid Anailísithe de chuid Food2Go Teo. | | | | | | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **Banc** | **Díolacháin** | **CBL** | **Caipiteal** | **Dáta** | **Sonraí** | **Banc** | **Ceannacháin** | **CBL** | **Pá** | **Leictreachas** |
| **2019** | | **€** | **€** | **€** | **€** | **2019** | | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |

**(ii)** Cé mhéad airgid atá i gcuntas bainc Food2Go Teo. ag deireadh na míosa?

**€** ____________

**(iii)** Breac na hiomláin agus na hiarmhéideanna go léir ó leabhar airgid anailísithe de chuid Food2Go Teo. sna cuntais mhórleabhair chuí atá thíos.

**Dr** **cuntas** ________________________ **Sr**

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Dr** **cuntas** ________________________ **Sr**

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Dr** **cuntas** ________________________ **Sr**

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

Dr cuntas ________________________ Sr

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

Dr cuntas ________________________ Sr

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

Dr cuntas ________________________ Sr

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**(b) (i)** Tá tionchar ag Food2Go Teo. ar an gceantar áitiúil ina ndéanann sé a chuid gnó.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rud a chuireann Food2Go Teo. leis an gceantar.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**(ii)** Íocann Food2Go Teo. CBL ag an ráta nua 13.5% a tháinig isteach leis an méadú ar na rátaí CBL a fógraíodh i mBuiséad 2019 d'earnáil an fháilteachais. Líon isteach na spásanna bána thíos:

| |
|---|
| Seasann CBL do: C ________________ B ______________ L _______________ |
| Gearrtar CBL ar ______________________ agus ___________________________ |
| Foinse ioncaim is ea CBL do ______________________________________________ |

**(iii)** Íocann Food2Go Teo. cáin chorparáide (cáin ar bhrabúis an chomhlachta) chomh maith. Tá ráta cánach corparáide íseal in Éirinn, arb é 12.5%.

Mínigh tairbhe **amháin** d'Éirinn as ráta cánach corparáide íseal a bheith ann.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 18**

**(a)** Tá cónaí ar Mháire agus a fear céile Eoin i mBéal Átha Liag, Contae an Longfoirt. Píolóta le Ryanair is ea Máire agus tá a fear céile Eoin dífhostaithe faoi láthair, ach déanann sé obair dheonach sa phobal áitiúil.

> **Caitheann oibrithe deonacha os cionn 480,000 uair an chloig dá gcuid ama féin ag obair go deonach**
>
> Ar na réimsí is mó a bhain tairbhe as an obair dheonach sin bhí na hEalaíona, Cultúr agus na Meáin, agus Forbairt Leanaí agus Pobail.
>
> obair dheonach éireann
> www.volunteer.ie

**(i)** Déan idirdhealú idir **obair dheonach** agus **fostaíocht** trí fhreagra fíor nó bréagach do gach ceann de na ráitis seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tá fostaí i dteideal pá lae atá cothrom. | ☐ | ☐ |
| Faigheann oibrí deonach pá. | ☐ | ☐ |
| Tá cearta dlíthiúla ag fostaí. | ☐ | ☐ |
| Ní mór cáilíocht tríú leibhéal a bheith ag oibrí deonach. | ☐ | ☐ |

**(ii)** Oibríonn Eoin go deonach sa phobal áitiúil. Tabhair breac-chuntas ar na **tairbhí** a bhaineann Eoin as bheith ag obair go deonach.

**(iii)** Taitníonn a post le Ryanair le Máire ach tá imní uirthi faoi na ceisteanna caidrimh tionsclaíoch.




**Na céadta eitiltí Ryanair curtha ar ceal de bharr píolótaí ar stailc.**

The Irish Times, Lúnasa 2018

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheart atá ag Ryanair agus **dhá** fhreagracht atá air mar fhostóir.

Cearta fostóra:

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

Freagrachtaí fostóra:

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |


**(b)** Tuilleann post Mháire €7,000 in aghaidh na míosa le Ryanair agus i mí na Bhealtaine thuill sí íocaíocht ragoibre de €600. Íocann sí ÍMAT a íoc ag ráta 40% agus tá creidmheas cánach míosúil de €275 aici. Íocann sí ÁSPC ag 4% agus MSU ag 5.5%.

Bain úsáid as na sonraí thuas chun duillín pá Mháire a chomhlánú i gcomhair 31/05/2019.

| **Duillín pá** | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Fhostaí**: | **Máire Uí Bhraonáin** | **Dáta**: | |
| **Tuilleamh** | | **Asbhaintí** | |
| Bunphá | | ÍMAT | |
| Ragobair | | ÁSPC | |
| | | MSU | |
| **Pá Comhlán** | | **Asbhaintí Iomlána** | |
| | **Glanphá** | | |

| |
|---|
| Bosca oibre ÍMAT: |
| Bosca oibre ÁSPC |
| Bosca oibre MSU: |

**(c)** Ós rud é go bhfuil Eoin, fear céile Mháire, dífhostaithe, ba mhaith léi a fháil amach cén staid ina bhfuil an geilleagar faoi láthair. Ar an ngraf thíos, taispeántar na táscairí eacnamaíocha a bhaineann leis an dífhostaíocht agus leis an bhfás eacnamaíoch in Éirinn do na blianta 2017 agus 2018.




**(i)** Léirigh i ngach cás díobh, cé acu an treocht mhaith nó droch-threocht do gheilleagar na hÉireann é an t-athrú atá ar na táscairí. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos.

| Táscaire Eacnamaíoch | Treocht mhaith | Droch-threocht |
|---|---|---|
| Dífhostaíocht | | |
| Fás eacnamaíoch | | |

**(ii)** Mínigh tionchar an treochta thuas ar an **dífhostaíocht** ar an duine aonair ar nós Eoin agus ar an ngeilleagar.

| Tionchar ar an duine aonair: |
|---|
| |
| |
| |
| Tionchar ar an ngeilleagar: |
| |
| |
| |

Spás breise scríbhneoireachta do **Roinn B**.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le cuid na ceiste.

**Buíochas**

**Íomhánna**
Leathanach 6: An Phríomh-Oifig Staidrimh (www.cso.ie) Nollaig 2018
Leathanach 12: Twitter (www.twitter.com)
Leathanach 19: Obair Dheonach Éireann (www.volunteer.ie) Eanáir 2018
Leathanach 20: The Irish Times (www.irishtimes.com) Lúnasa 2018

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh téacs nó íomhánna nach bhfuil faoi úinéireacht chóipchirt Choimisiún na Scrúduithe Stáit a bheith sa pháipéar scrúdaithe seo, agus ar féidir gur cuireadh in oiriúint é nó iad ar mhaithe le measúnacht, gan cead a fháil roimh ré ón údar/ó na húdair. Ullmhaíodh an páipéar scrúdaithe seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear é a úsáid ina dhiaidh seo chun aon chríoch eile seachas chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún dliteanas as aon sárú ar chearta tríú páirtí a éiríonn as an bpáipéar seo a dháileadh nó a úsáid gan údarú.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Staidéar Gnó

Dé Máirt 11 Meitheamh 2019
Maidin 9:30 – 11:30